Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13517/23**

**SOC 647**
**ANTIDISCRIM 168**
**GENDER 187**
**JAI 1231**
**FREMP 265**
**COHOM 195**
**EDUC 374**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13167/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle chun rochtain chomhionann ar thithíocht leormhaith dhídheighilte a áirithiú do Romaigh, agus chun aghaidh a thabhairt ar lonnaíochtaí deighilte |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a d'fhormheas Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bhí aici an 9 Deireadh Fómhair 2023.

**Bearta chun rochtain chomhionann ar thithíocht leormhaith dhídheighilte a áirithiú do Romaigh[1] , agus chun aghaidh a thabhairt ar lonnaíochtaí deighilte[2]**

**Conclúidí ón gComhairle**

**Á MHEABHRÚ DI AN MÉID A LEANAS:**

1. De réir Airteagal 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is é is aidhm don Aontas, agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, gach idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach.

2. De réir Airteagal 21(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, toirmiscfear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras, mar shampla, gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, nó treoshuíomh gnéasach.

**Á MHEABHRÚ DI:**

3. Treoir 2000/43/CE ón gComhairle, lena leagtar síos creat chun idirdhealú a chomhrac ar bhonn tionscnamh ciníoch nó eitneach chun cóir chomhionann san Aontas a áirithiú i réimsí na fostaíochta, an oideachais, na cosanta sóisialta (slándáil shóisialta agus cúram sláinte san áireamh), buntáistí sóisialta agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, tithíocht san áireamh, agus soláthar na nithe sin.

---

1 Agus aitheantas á thabhairt don éagsúlacht i measc na Romach, úsáidtear an téarma 'Romach' ina scáth-théarma chun tagairt a dhéanamh do roinnt grúpaí éagsúla de thionscnamh Romach ar nós na Romach, na Sintíoch, Kale, na nGiofóg, Romanichels agus Boyash/Rudari. Cuimsítear ann freisin grúpaí ar nós Aisceailíoch, Éigipteach, grúpaí ón Oirthear (lena n-áirítear *Dom*, *Lom*, *Rom*, agus *Abdal*), chomh maith le pobail den lucht siúil, lena n-áirítear pobal an lucht siúil eitnigh, an pobal Iéineach nó iad siúd arna n-ainmniú faoin téarma riaracháin '*Gens du voyage*', agus daoine a dhéanann iad féin a shainaithint ina nGiofóga, *Tsiganes* nó *Tziganes*, gan saintréithe sonracha na ngrúpaí sin a shéanadh.

2 Chun críche na gConclúidí seo ón gComhairle, is é atá i gceist le 'lonnaíochtaí deighilte' slumaí agus lonnaíochtaí ina bhfuil tithíocht atá faoi bhun an chaighdeáin agus de chineál cobhsaí neamhfhoirmiúil, lena mbaineann imeallú fisiceach, feidhmiúil agus/nó sóisialta, agus inar measa i bhfad na dálaí oibiachtúla maidir le tithíocht, bochtaineacht agus rochtain ar chearta agus ar sheirbhísí poiblí i gcomparáid leis an gcuid eile den daonra.

4. Cinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil,[3] ina luaitear gur sáruithe díreacha iad an ciníochas agus an tseineafóibe ar phrionsabail na saoirse, an daonlathais, urramú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha agus an smachta reachta, ar prionsabail iad ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe agus ar comhphrionsabail iad ag na Ballstáit.

5. Treoir 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine, ina luaitear go ndéanfaidh na Ballstáit uile na bearta is gá chun an rochtain atá ag cách ar uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine a fheabhsú nó a choimeád, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe.

6. Ina Moladh maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (2021), thathantaigh an Chomhairle ar na Ballstáit iarrachtaí a neartú chun comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch na Romach a fheabhsú.

7. Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus 'Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta' a chuir an Coimisiún i láthair. Go sonrach, i bPrionsabal 19 den Cholún tagraítear do thithíocht agus do chúnamh do dhaoine gan dídean, agus sonraítear go bhfuil rochtain ar thithíocht shóisialta nó ar chúnamh tithíochta ar ardchaighdeán le soláthar dóibh siúd atá i ngátar; go bhfuil sé de cheart ag daoine leochaileacha go mbeidh cúnamh agus cosaint acu i leith díshealbhú éigeantach; agus go gcuirfear dídean agus seirbhísí leormhaithe ar fáil do dhaoine gan dídean chun a gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn. I bPrionsabal 20 den Cholún tagraítear don rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha, agus sonraítear go bhfuil an ceart ag cách ar sheirbhísí bunriachtanacha ar ardchaighdeán, lena n-áirítear uisce, sláintíocht, fuinneamh, iompar, seirbhísí airgeadais agus cumarsáid dhigiteach, agus sonraítear go mbeidh tacaíocht don rochtain ar na seirbhísí sin ar fáil dóibh siúd atá i ngátar.

---

[3] IO L 328, 6.12.2008, lch. 55.

8. Na rúin ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis na Romaigh;[4] áirítear leo sin, go háirithe, a Rún maidir le staid na Romach atá ina gcónaí i lonnaíochtaí san Aontas Eorpach (2022).

9. An teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Aontas an Chomhionannais: Plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas 2020-2025'.

10. An teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Aontas an Chomhionannais: Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach', agus go háirithe príomhchuspóir 7: 'Rochtain chomhionann éifeachtach ar thithíocht leormhaith dhídheighilte agus seirbhísí bunriachtanacha a mhéadú'.

11. An teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025,' ina dtugtar le fios go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh ar mhná bunaithe ar shaintréithe pearsanta éagsúla. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar mhná Romacha, go háirithe, dul i ngleic le hidirdhealú ar bhonn a ngnéis agus ar bhonn a dtionscnaimh chiníoch nó eitnigh.

12. Dearbhú Liospóin maidir leis an Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac, a shínigh ionadaithe ó institiúidí an Aontais, ó na Ballstáit, ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ó Choiste Eorpach na Réigiún agus ón tsochaí shibhialta an 21 Meitheamh 2021, agus lena gcuirtear chun cinn beartais atá bunaithe ar chur chuige comhtháite duinelárnach atá bunaithe ar thithíocht.

13. Creat dlíthiúil Chomhairle na hEorpa chun mionlaigh a chosaint agus cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, go háirithe maidir leis an gcleachtas atá idirdhealaitheach go follasach trína ndéantar na Romaigh a dheighilt.

14. Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, go háirithe, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) seo a leanas: 1 ('Díothú na Bochtaineachta'), 10 ('Neamhionannais Laghdaithe') agus 11 ('Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe').

---

4 IO C 199 E, 7.7.2012, lch. 112; IO C 468, 15.12.2016, lch. 36; IO C 449, 23.12.2020, lch. 2; agus IO C 385, 22.9.2021, lch. 104.

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT DI:**

15. Is ar éigean a tháinig aon athrú ar an mbearna sa rochtain ar thithíocht idir grúpaí i gcásanna leochaileacha, lena n-áirítear na Romaigh, agus an chuid eile den phobal i roinnt Ballstát le blianta beaga anuas, i ngeall ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta, mar aon le tosca eile, mar shampla, easpa bearta beartais nó infheistíocht shuntasach, infhaighteacht theoranta tithíochta sóisialta agus droch-chaighdeán tithíochta sóisialta, idirdhealú i margadh na tithíochta, agus deighilt.

16. De réir taighde a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) le déanaí inar díríodh ar 10 gcinn de thíortha Eorpacha, 52 % de theaghlaigh Romacha a bhíonn thíos le díothacht tithíochta i gcomparáid le 17 % i gcás na dteaghlach den chuid eile de dhaonra an Aontais. Tá 82 % de na Romaigh ina gcónaí i dtithe plódaithe agus tá 22 % díobh ina gcónaí i dtithe gan uisce reatha le hais 1.5 % den phobal i gcoitinne. Bhí 24 % díobh thíos le hidirdhealú i leith Romach agus iad ag lorg tithíochta.[5] Léiríodh patrún den chineál céanna maidir leis an neamhréir idir Romaigh agus daoine nach Romaigh iad ó thaobh díothacht tithíochta de i suirbhé FRA a rinneadh roimhe sin in 6 Bhallstát bhreise in 2019[6].

17. Is i gcomhthéacsanna náisiúnta a dhéantar sonraí a thiomsú, i gcomhréir le ceanglais bhunreachtúla agus reachtacha náisiúnta chomh maith le ceisteanna polaitiúla agus eitice, chun anailís a dhéanamh ar bheartais phoiblí lena dtugtar aghaidh ar an iliomad cineálacha idirdhealaithe agus ar shaincheisteanna eile a dhéanann difear don phobal Romach, lena n-áirítear eisiamh tithíochta. Ní i gcónaí a shainítear na sonraí sin go leordhóthanach, áfach, ná ní i gcónaí a léiríonn siad an staid reatha ar an láthair sna Ballstáit éagsúla go hiomlán.

---

5 FRA, *Roma in 10 European Countries* [Na Romaigh in 10 gcinn de thíortha Eorpacha] (2022). (Seo a leanas na Ballstáit a chumhdaítear sa tuarascáil: an Bhulgáir, an Chróit, an tSeicia, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Spáinn.)

6 FRA, *Roma and Travellers in six countries* [Na Romaigh agus an Lucht Siúil i sé thír] (2020). (Seo a leanas na Ballstáit a chumhdaítear sa tuarascáil: an Bheilg, an Fhrainc, Éire, an Ísiltír agus an tSualainn, mar aon leis an Ríocht Aontaithe, tír a bhí ina Ballstát tráth.)

18. Ní bheidh luachanna an Aontais i réim ach amháin i sochaí ina n-urramaítear an éagsúlacht, an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas inscne, agus ba cheart do na Ballstáit na luachanna sin a ráthú do gach duine, na Romaigh san áireamh.

19. Le rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán gníomhach na Romach sa tsochaí agus le bearta chun an t-idirdhealú a chomhrac, laghdaítear go mór na dúshláin a bhaineann lena staid tithíochta, lena n-áirítear fadhbanna a thagann chun cinn toisc go bhfuil an chuid eile den daonra claonta ina gcoinne. Is príomhthosaíocht i ndáil leis an méid sin í an rochtain chomhionann éifeachtach ar fhostaíocht agus ar sheirbhísí uilíocha a áirithiú, seirbhísí ar nós an oideachais agus na hoiliúna, cosaint shóisialta agus cúram sláinte.

20. Cineál ciníochais é an 'frithghiofógachas' atá thar a bheith forleathan, agus arb é is bunús leis an dearcadh a bhíonn ag an tsochaí i gcoitinne orthu siúd a mheastar a bheith ina ngiofóga agus an chaoi a gcaitear leo dá réir sin; déantar na daoine sin a choimhthiú mar chuid de phróiseas stairiúil ina dtógtar ar steiréitíopaí agus tuairimí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith neamhbheartaithe nó neamh-chomhfhiosach uaireanta. Tá sé aitheanta ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh go léir gur bac ar an gcuimsiú é an frithghiofógachas agus, dá bhrí sin, gur den tábhacht é dul i ngleic leis.[7]

21. Is iomaí cineál idirdhealaithe a chuireann leis an bhfrithghiofógachas, rud a chiallaíonn go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh ar dhuine ar bhonn a thionscnaimh chiníoch nó eitnigh agus, san am céanna, ar bhonn a ghnéis, a reiligiúin nó a chreidimh, a mhíchumais, a aoise nó a threoshuímh ghnéasaigh.

22. Bíonn deighilt na bpobal Romach níos measa uaireanta mar gheall ar an bhfeiniméan ar a dtugtar 'an t-uaisliú', feiniméan a d'fhéadfadh tabhairt ar dhaoine aonair agus teaghlaigh ar ioncam íseal imeacht as limistéir ina bhfuil luachanna réadmhaoine ag dul i méid go suntasach.

---

[7] Moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (2021), mír 2.

**DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID A LEANAS:**

23. Bíonn deacrachtaí ag roinnt Romach rochtain a fháil ar thithíocht leormhaith ar chúiseanna éagsúla, leochaileacht shóisialta agus eacnamaíoch nó idirdhealú i ndáil le rochtain ar thithíocht, mar shampla, rud a fhágann gur tithíocht faoi bhun an chaighdeáin i lonnaíochtaí deighilte a bhíonn ag go leor de bhaill an phobail sin. Bíonn tionchar díreach suntasach ag caighdeán na tithíochta ar dhálaí maireachtála, ar dheiseanna saoil, ar an rochtain ar an oideachas agus ar an gcomhionannas deiseanna i gcoitinne i gcás na Romach, go háirithe i gcás na leanaí. Is réamhriachtanas é rochtain chomhionann ar thithíocht leormhaith chun cearta bunúsacha a theachtadh go hiomlán, agus chun saol faoi dhínit a chaitheamh. Agus beartais tithíochta do na Romaigh á gcur chun feidhme, ní mór an creat ábhartha um chearta an duine a urramú.

24. Na constaicí a bhíonn le sárú go minic ag Romaigh agus rochtain ar thithíocht leormhaith á lorg acu, treisíonn siad fáinne fí na bochtaineachta idirghlúine agus na sáruithe ar chearta an duine. Cuireann sé sin srian ar ionchas saoil agus bac ar an gcomhtháthú sóisialta.

25. D’ainneoin na n-ionstraimí polaitiúla, airgeadais agus dlíthiúla atá ann agus na n-iarrachtaí atá déanta cheana chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas tithíochta agus ar an díothacht tithíochta i gcás na Romach, is ann don neamhionannas i gcónaí i roinnt Ballstát i dtaobh rochtain na Romach ar thithíocht. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, na neamhionannais sin a chur ina gceart agus rochtain ar thithíocht leormhaith a áirithiú do phobail Romacha.

26. Ba cheart ionstraimí airgeadais an Aontais, mar aon le foinsí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla cistiúcháin, a úsáid de réir mar is iomchuí chun feabhas a chur ar dhálaí tithíochta agus chun tacú le díothú na deighilte tithíochta a eascraíonn as an mbochtaineacht agus an eisiamh sóisialta san Aontas Eorpach. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, tá sé tábhachtach go dtionscnófar agus go gcuirfear chun feidhme cláir atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar thithíocht neamhleor agus ar dhúshláin shóisialta agus eacnamaíocha eile a bhíonn le sárú ag Romaigh.

27. Chun torthaí éifeachtacha a bhaint amach, tá gá le dlúthchomhar idir na páirtithe leasmhara éagsúla, ina roinnfidh gach páirtí leasmhar saineolas a réimse inniúlachta, go háirithe ar an leibhéal áitiúil, de réir mar is iomchuí.

28. Tá sé tábhachtach a áirithiú go rachfar i gcomhairle le baill de na pobail Romacha agus den tsochaí shibhialta atá ar son na Romach agus go mbeidh siad rannpháirteach i gceapadh agus cur chun feidhme na mbeartas uile atá dírithe go sonrach ar dheighilt tithíochta agus idirdhealú in aghaidh na Romach a chomhrac.

29. Tá an comhar trasnáisiúnta agus an fhoghlaim fhrithpháirteach ríthábhachtach don phróiseas chun deireadh a chur leis an deighilt tithíochta i gcás na Romach, lena n-áirítear chun feabhas a chur ar dhálaí tithíochta do Romaigh fáin sna Ballstáit sin inarb ann do na pobail sin, chomh maith le Romaigh shoghluaiste an Aontais a théann i mbun obair shéasúrach nó ghearrthéarmach.

30. Leis an tsraith conclúidí seo, cuirtear leis an obair a rinneadh roimhe seo agus leis na gealltanais pholaitiúla a thug an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún agus leis an obair a rinne páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena n-áirítear na doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn.

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:**

**IARANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí agus a n-imthosca náisiúnta, AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

31. I gcomhréir lena straitéisí náisiúnta féin maidir leis na Romaigh, bearta nithiúla a dhéanamh chun feabhas a chur ar staid tithíochta na Romach agus chun deighilt tithíochta a dhíothú, in áiteanna arb ann do lonnaíochtaí deighilte Romacha. Tá uirlisí airgeadais éagsúla ar fáil chun na críche sin, lena n-áirítear CSE+, CFRE agus cláir forbartha tuaithe ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, chomh maith le hionstraimí agus tionscnaimh faoi NextGenerationEU agus InvestEU. Tá sé tábhachtach comhlántacht éifeachtach a áirithiú maidir le húsáid foinsí éagsúla cistiúcháin.

32. Acmhainní leordhóthanacha airgeadais a thiomnú chun bonneagar a bhunú, bail a choinneáil air nó é a fheabhsú, de réir mar is gá, i gcomharsanachtaí faoi mhíbhuntáiste i dtaobh seirbhísí bunriachtanacha, mar shampla, iompar, uisce agus sláintíocht, córais séarachais, líonraí digiteacha, agus rochtain ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha ar nós bailiú bruscair, ionaid sláinte, scoileanna, soilsiú, leictreachais, gáis, agus líonraí cumarsáide, lena n-áirítear naisc theileafóin agus idirlín, agus úsáid teicneolaíochtaí nuálaíocha, digiteacha agus glasa á cur san áireamh san am céanna. Ba cheart bearta gníomhacha um dhídheighilt a bheith ag gabháil le gach idirghabháil.

33. I gcás ina mbíonn deacrachtaí ag Romaigh agus iad ag iarraidh tairbhe a bhaint as beartais uilíocha tithíochta, tionscnaimh tithíochta a chur chun feidhme do phobail leochaileacha Romacha, agus do phobail leochaileacha eile, agus coimircí agus critéir chuimsitheachta a áireamh sna straitéisí náisiúnta um chuimsiú na Romach.

34. Faisnéis agus oiliúint maidir le cóir chomhionann agus leis an gcomhrac in aghaidh an fhrithghiofógachais agus an idirdhealaithe a chur ar fáil do bhaill foirne ábhartha i seirbhísí tithíochta agus in earnálacha eile, ar nós seirbhísí sóisialta, oideachais, fostaíochta agus sláinte, agus i riaracháin áitiúla.

35. Rannpháirtíocht teaghlach atá ina gcónaí i lonnaíochtaí faoi mhíbhuntáiste a áirithiú i bpróisis chinnteoireachta. Leanúint den obair sin i gcomhar le sochaí shibhialta na Romach san Eoraip agus, san am céanna, rannpháirtíocht na Romach sa chinnteoireacht a áirithiú ar gach leibhéal riaracháin agus rialtais, ar bhonn na córa comhionainne, agus aird ar leith á tabhairt ar an tábhacht a bhaineann le Romaigh óga agus mná Romacha a bheith rannpháirteach i gceapadh beartas.

36. Acmhainní airgeadais Aontais, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá ar fáil a shainaithint chun tacú le díothú na deighilte tithíochta a dhéanann difear do na Romaigh.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR NA BALLSTÁIT, i ndlúthchomhar agus i gcomhréir lena n-inniúlachtaí agus lena n-imthosca náisiúnta faoi seach, an méid a leanas a dhéanamh:**

37. Leanúint d'úsáid a bhaint as punann táscairí chreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh[8] agus comhlíonadh na spriocanna ar leibhéal an Aontais a leagtar amach sa chreat a shaothrú, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, spriocanna cainníochtúla agus/nó cáilíochtúla ina gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh. Féadfar na táscairí a imdhealú de réir inscne, aoise agus stádas spleáchais nó míchumais, i measc critéir eile, agus féadfar iad a shainiú in éineacht le gníomhaithe ábhartha, lena n-áirítear ionadaithe Romacha, chun rannchuidiú le faireachán córasach a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh agus le deireadh a chur leis an deighilt tithíochta a dhéanann difear do na Romaigh.

38. Tacú le sochaí shibhialta na Romach agus í a chumhachtú chun rochtain a fháil ar acmhainní airgeadais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla an Aontais ar bhonn cothrom le páirtithe leasmhara eile, chun a struchtúir ionadaíochta a neartú, chomh maith lena gcumas a bheith rannpháirteach go gníomhach i bpróisis chinnteoireachta, faoi choinníollacha na córa comhionainne, agus aird ar leith á tabhairt ar a thábhachtaí atá sé ról a thabhairt do Romaigh óga agus do mhná Romacha i gceapadh beartas.

39. A áirithiú, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, go ndéanfar faireachán éifeachtach ar chláir chaiteachais agus ar ionstraimí darb aidhm dídheighilt na bpobal Romach a chothú.

40. Tacú le feidhmiú éifeachtach na bpointí teagmhála náisiúnta Romacha agus lena rannpháirtíocht i gceapadh beartas ar gach leibhéal, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le tithíocht.

---

**8** Féach an Moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (2021), mír 38 agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Aontas an Chomhionannais: Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach' (2020), Iarscríbhinn 2.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

41. Tacú leis na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar fhadhb na deighilte tithíochta agus na díothachta tithíochta, in áiteanna inarb ann dóibh, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (2021) agus, i gcás inarb ábhartha, a mharana a dhéanamh ar an 'Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le staid na Romach atá ina gcónaí i lonnaíochtaí san Aontas Eorpach', mar aon le creat straitéiseach 2020-2030 an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, folaítear leis sin breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme chistí an Aontais a infheistítear i dtithíocht agus i mbonneagar agus tacú go cuí leis an gcur chun feidhme sin.

42. Gníomhaíochtaí nithiúla a chothú chun fíor-rochtain éifeachtach ar thithíocht dhídheighilte a ráthú do na Romaigh, agus cur chuige a ghlacadh ina n-aithnítear go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh ar dhuine ar bhonn a thionscnaimh chiníoch nó eitnigh agus, san am céanna, ar bhonn a ghnéis, a reiligiúin nó a chreidimh, a mhíchumais, a aoise nó a threoshuímh ghnéasaigh agus aird ar leith á tabhairt ar an óige agus ar leanaí, agus ar íospartaigh foréigin d'aon chineál in aghaidh na mban agus ar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine.

43. Comhar trasnáisiúnta agus comhroinnt dea-chleachtais idir na Ballstáit a chothú.

<u>**Iarscríbhinn a ghabhann leis an IARSCRÍBHINN**</u>

**Na Tagairtí**

**1. An Chomhairle Eorpach**

Conclúidí ón gComhairle Eorpach (23/24 Meitheamh 2011) EUCO 23/1/11 REV 1, lch. 13

**2. Reachtaíocht an Aontais**

Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO L 180, 19.7.2000, lch. 22).

Treoir 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1.)

Cinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil. (IO L 328, 6.12.2008, lch. 55).

**3. An Chomhairle**

Moladh maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (IO C 93, 19.3.2021, lch. 1)

**4. An Coimisiún**

Teachtaireacht 'Aontas an Chomhionannais: Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach' (COM(2020)620 final)

Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle — Punann na dtáscairí

Teachtaireacht 'Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025' (6678/20)

**5. Parlaimint na hEorpa**

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Deireadh Fómhair 2022 maidir le staid na Romach atá ina gcónaí i lonnaíochtaí san Aontas Eorpach (2022/2662(RSP))

**6. Coiste na Réigiún**

Tuairim ó Choiste na Réigiún: Aontas an Chomhionannais: Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, 2021

7. **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)**

*Roma in Ten European Countries* [Na Romaigh in 10 gcinn de thíortha Eorpacha], 2022.

*Roma and Travellers in six countries* [Na Romaigh agus an Lucht Siúil i sé thír], 2020

8. **Eile**

Dearbhú Liospóin maidir leis an Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac (an 21 Meitheamh 2021)

CÁS ORŠUŠ AGUS EILE v. AN CHRÓIT. An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECHR)

Tuarascáil chríochnaitheach ó Alvaro Gil-Robles maidir le staid chearta an duine i gcás na Romach, na Sintíoch agus an Lucht Siúil san Eoraip (15 Feabhra 2006)

Airteagal 26 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla

Airteagal 1 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú

Airteagail 28 agus 30 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

An Dearbhú maidir le Cearta Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga

Airteagail 1 agus 3 de Choinbhinsiún an 14 Nollaig 1960 in aghaidh Leithcheala san Oideachas

Ráiteas ó FEANTSA 'Tá an Staid Tithíochta do na Romaigh san Aontas fós deacair'

9. **Comhairle na hEorpa**

Moladh Uimh. R (2000) 4 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le hoideachas leanaí Romacha/Giofógacha san Eoraip (a glacadh an 3 Feabhra 2000) agus an t-aguisín a ghabhann leis

Moladh CM/Rec (2009)4 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le hoideachas na Romach agus an Lucht Siúil san Eoraip (a glacadh an 17 Meitheamh 2009)

Moladh Uimh. 1203 (1993) ó Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa maidir le Giofóga san Eoraip

Moladh Uimh. 1557 (2002) ó Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa maidir le staid dhlíthiúil na Romach san Eoraip